Coimisiún na Meán

Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2026

Dáta foilsithe:
Samhain 2026



Poiblí

An Clár Ábhar

Réamhrá ón gCoimisiún **3**

Réamhrá **5**

Céard í an Bhearna Phá idir na hInscní? **5**

Comhdhéanamh an Luchta Saothair **5**

Cothromaíocht Inscne ar fud na nGrád 6

Fíor 2. *Cothromaíocht Inscne ar fud na nGrád* **7**

Ár bhFigiúirí maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní **7**

An Bhearna Phá don Eagraíocht Iomlán 7

An Bhearna Phá laistigh de Cheathairíleanna 8

An Cheathairíl Íochtarach 8
An Cheathairíl Mheánach Íochtarach 9
An Cheathairíl Mheánach Uachtarach 10
An Cheathairíl Uachtarach 11

An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Pháirtaimseartha agus Lánaimseartha 12

An Fhoireann Pháirtaimseartha 12
An Fhoireann Lánaimseartha 13

An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Bhuana agus Shealadacha 14

An Fhoireann Shealadach 14
An Fhoireann Bhuan 15

Luach Saothair Bónais agus Sochair Chomhchineáil **16**

Na Tionchair ar ár mBearna Phá idir na hInscní a Thuiscint **16**

Conclúid **20**

Réamhrá ón gCoimisiún

Tá áthas orainn an tríú Tuarascáil de chuid Choimisiún na Meán maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a chur i láthair. Tá comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht fós lárnach dár bhforbairt mar eagraíocht agus dár n-uaillmhian ionad oibre a chruthú ina bhfuil meas ar gach duine, ina dtacaítear leo agus ina bhfuil siad in ann rannchuidiú go hiomlán.

Garsprioc ar leith in 2026 ba ea Creidiúnú Airgid de chuid Investors in Diversity a bhaint amach, rud a chuir leis an gCreidiúnú Cré-umha a bhí againn cheana féin. Leis an éacht seo, léirítear obair na gcomhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun ár gcur chuige i leith CÉI a neartú. Chuir an measúnú bonn eolais freisin dár bPlean Gníomhaíochta CÉI do 2026-2027, rud a thugann tosaíochtaí, freagrachtaí agus bearta soiléire dúinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ina leith.

De réir mar a fhásann agus a aibíonn ár n-eagraíocht, táimid ag díriú níos mó ná riamh ar chleachtais chuimsitheacha a leabú sa saol oibre laethúil. Leanamar orainn ag cur *Athrú*, Straitéis Daoine trí bliana i leith Daoine dár gcuid, chun feidhme, agus CÉI mar chroí-cholún ann. Soláthraíonn ár líonra Coiste agus Tacadóirí CÉI deiseanna do chomhghleacaithe an obair seo a mhúnlú, le tacaíocht ó rannpháirtíocht ceannaireachta sinsearaí.
I rith na bliana, leanamar orainn ag neartú earcaíochta cothroime agus inrochtana, lena n-áirítear oiliúint thiomnaithe ar an gclaontuairim neamh-chomhfhiosach a chur i bhfeidhm do bhaill na bpainéil agallaimh. Leanamar orainn freisin ag díriú ar fhorbairt ghairmiúil, ceannaireacht chuimsitheach agus tacaíocht do shláinte, folláine agus cothromaíocht oibre is saoil na bhfostaithe. I dteannta a chéile, tacaíonn na bearta seo lenár dtiomantas do chomhdheiseanna ar fud eispéireas an fhostaithe.

I mbliana, tá méadú beag tagtha ar ár mbearna phá mheánach idir na hinscní agus ar ár mbearna phá airmheánach idir na hinscní. Aithnímid an tábhacht a bhaineann leis na torthaí seo agus le tuiscint a fháil ar na tosca is bun leo. Bíonn tionchar ag comhdhéanamh an luchta saothair agus athruithe ar fud na tréimhse tuairiscithe ar fhigiúirí na bearna pá idir na hinscní; scrúdaítear na tosca seo agus a rannchuidiú le torthaí na bliana seo sa tuarascáil.
Táimid fós tiomanta do thrédhearcacht agus do na torthaí a úsáid chun bonn eolais a chur lenár gcuid oibre maidir le comhdheiseanna agus ionadaíocht chothrom ar fud na heagraíochta. Soláthraítear bunús lenár mbeartais agus lenár dtionscnaimh agus cuidíonn athbhreithniú leanúnach linn na nithe a aithint ar gá tuilleadh airde a thabhairt orthu.

Gabhaimid buíochas le comhghleacaithe as an méid a rinne siad leis an dul chun cinn atá déanta i mbliana, go háirithe iad siúd a thacaíonn lenár gclár CÉI. Lenár gcreidiúnú Airgid, soláthraítear bunús le haghaidh tuilleadh oibre agus muid ag leanúint ar aghaidh ag tógáil eagraíocht chothrom agus ionchuimsitheach, ar eagraíocht í lena léirítear na luachanna a theastaíonn uainn a chothú ar fud thírdhreach na meán níos leithne.



C-D: Rónán Ó Domhnaill (Coimisinéir Forbartha na Meán) Niamh Hodnett (iar-Choimisinéir Sábháilteachta ar Líne), Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin), Aoife MacEvilly (Coimisinéir um Chraoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh), John Evans, (An Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha).

Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán (an Coimisiún) rialtóir meán agus gníomhaireacht forbartha meán na hÉireann a bunaíodh faoi na hAchtanna um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus um Sheirbhísí Digiteacha agus é freagrach as craoltóireacht, físeán ar éileamh agus sábháilteacht ar líne. Ag teacht as Údarás Craolacháin na hÉireann mar a bhí, feidhmímid anois le sainchúram agus lucht saothair atá i bhfad níos leathnaithe ná mar a bhí.

Is é an dáta samplach don tréimhse tuairiscithe seo an 27 Meitheamh 2026, lena gcumhdaítear an 12 mhí ón 28 Meitheamh 2025 go dtí an 27 Meitheamh 2026. Tráth an dháta shamplaigh, d'fhostaíomar 281 ball foirne, agus b'fhir 34% díobh agus mná 66% díobh. Déantar fostaithe nach sainaithníonn iad féin mar fhir nó mná a eisiamh ón tacar sonraí sin.

Leis an anailís sin, tairgtear léargas luachmhar ar phróifíl ár lucht saothair agus treorófar na tionscnaimh leanúnacha ar a ndéanaimid cur síos sna rannáin seo a leanas chun cothromas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn.

Céard í an Bhearna Phá idir na hInscní?

Leis an mBearna Phá idir na hInscní déantar an difríocht idir tuillimh in aghaidh na huaire ar an meán idir fir agus mná a thomhas ar fud na heagraíochta, arna sloinneadh mar chéatadán de thuillimh na bhfear. Ní chuirtear róil ná gráid dhifriúla daoine san áireamh léi. I gcomhthéacs na hearnála poiblí cosúil lenár gceannsa, mar a bhfuil an pá struchtúrtha de réir ghráid agus scálaí na státseirbhíse, leis an mbearna is éard a léirítear go príomha ná difríochtaí idir dáileadh na bhfear agus na mban ar fud na ról, seachas pá éagothrom le haghaidh obair choibhéiseach.

Sainmhínithe:

- Is ionann an **bhearna phá airmheánach idir na hinscní** agus an difríocht idir na lárphointí i raonta pá na bhfear agus na mban. Tógtar gach tuarastal sa sampla ann, déantar iad a chur i líne ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde, agus roghnaítear an tuarastal sa lár.
- Is ionann an **bhearna phá mheánach idir na hinscní** agus an difríocht i meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire.


Comhdhéanamh an Luchta Saothair

Dáta Samplach: 27 Meitheamh 2026
An lucht saothair iomlán ar an dáta samplach: 286
Inscne: 66% mná, 34% fir

Bhí ár lucht saothair iomlán ar an dáta samplach an 27 Meitheamh 2026 cothrom le 286 agus tá sonraí á dtuairisciú againn maidir le 281 fostaí agus úsáid á baint as tréimhse thagartha an 28 Meitheamh 2025 go dtí an 27 Meitheamh 2026. As na 281 bhfostaí siúd, b'fhir 95 díobh agus

mná 186 díobh. Maidir le baill foirne nach sainaithníonn iad féin mar fhir ná mná, níor áiríodh iad san anailís de réir na dtreoirlínte.


Oibrithe páirtaimseartha a bhí i gceist le 1.4% *(n = 4)* dár bhfoireann, agus bhí 5% *(n = 14)* díobh ar conarthaí ar théarma seasta.



Fíor 1. *Miondealú Inscne den Eagraíocht Iomlán*

Cothromaíocht Inscne ar fud na nGrád

Is léir, cé is moite de dhá ghrád (PO Níos Airde agus an Coimisiún) go bhfuil níos mó fostaithe baineanna ná fireanna ar fud na ngrád uile. Féach Fíor 2 thíos go bhfeicfidh tú conas a chuirtear an chothromaíocht ar fud na ngrád i gcomparáid le cothromaíocht na heagraíochta ar an iomlán. Seasann an líne dhearg san fhíor do chothromaíocht fhoriomlán na bhfostaithe baineanna ar fud na heagraíochta.



Fíor 2. *Cothromaíocht Inscne ar fud na nGrád*

Ár bhFigiúirí maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

An Bhearna Phá don Eagraíocht Iomlán

- **Bearna Phá Mheánach idir na hInscní:** 7.84%
- **Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní:** 9.18%

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	186	66.19%	36.64	32.50
Fear	95	33.81%	39.76	35.79

Lenár gcuid torthaí ó 2026, léirítear bearna phá mheánach de 7.84%, méadú ó 5.5% na bliana seo caite. Tá an bhearna phá airmheánach cothrom le 9.18%, méadú beag ó 8.4% anuraidh.

Mínítear ar bhealach níos mionsonraithe thíos na tosca a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an méadú sin.

An Bhearna Phá laistigh de Cheathairíleanna

Seasann gach ceathairíl phá do thart ar 25% dár lucht saothair, arna roinnt i gceithre ghrúpa a rangaítear ó na saothraithe is ísle chuig na saothraithe is airde.


- Íochtarach (an líon 25% de na baill foirne is lú a íoctar) = 70 ball foirne
- Meánach Íochtarach (an chéad líon 25% eile de na baill foirne) = 70 ball foirne
- Meánach Uachtarach (an chéad líon 25% eile de na baill foirne) = 70 ball foirne
- Uachtarach (an líon 25% de na baill foirne is mó a íoctar) = 71 ball foirne

An Cheathairíl Íochtarach

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	52	74.29%	20.00	19.85
Fear	18	25.71%	19.39	19.69

An Bhearna Phá Mheánach: -3.15%

An Bhearna Phá Airmheánach: -0.84%




*Fíor 3. **Miondealú** Inscne sa Cheathairíl is Ísle*

An Cheathairíl Mheánach Íochtarach

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	46	65.71%	31.18	31.82
Fear	24	34.29%	31.27	31.84

An Bhearna Phá Mheánach: 0.31%

An Bhearna Phá Airmheánach: 0.08%




Fíor 4. Miondealú Inscne sa Cheathairíl Mheánach Íochtarach

An Cheathairíl Mheánach Uachtarach

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	42	60.00%	41.83	43.45
Fear	28	40.00%	41.45	42.93

An Bhearna Phá Mheánach: -0.92%

An Bhearna Phá Airmheánach: -1.20%




Fíor 5. Miondealú Inscne sa Cheathairíl Mheánach Uachtarach

An Cheathairíl Uachtarach

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	46	64.79%	56.19	58.38
Fear	25	35.21%	62.50	51.70

An Bhearna Phá Mheánach: 10.1%

An Bhearna Phá Airmheánach: -12.92%



Fíor 6. Miondealú Inscne sa Cheathairíl Uachtarach


An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Páirtaimseartha agus Lánaimseartha

An Fhoireann Pháirtaimseartha

Tá athrú in ann teacht ar an mbearna nuair a bhreathnaítear uirthi de réir an méid den fhoireann atá ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha. Laistigh den Choimisiún, níorbh ann ach do cheithre bhall foirne a d'oibrigh uaireanta páirtaimseartha don tréimhse thuairiscithe iomlán nó cuid di, agus tá an miondealú inscne anseo claonta go láidir i dtreo baill foirne bhaineanna, agus gan ach ball foirne fireann amháin i mbun uaireanta laghdaithe.

An Bhearna Phá Mheánach: -23.28%

An Bhearna Phá Airmheánach: -24.28%




Fíor 7. Miondealú Inscne don Fhoireann Pháirtaimseartha

An Fhoireann Lánaimseartha

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	183	66.07%	36.72	32.59
Fear	94	33.93%	39.91	36.50

An Bhearna Phá Mheánach: 7.995%

An Bhearna Phá Airmheánach: 10.71%



Fíor 8. Miondealú Inscne don Fhoireann Lánaimseartha

An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Bhuana agus Shealadacha


An Fhoireann Shealadach

Fostaímid líon beag de bhaill foirne ar conradh téarma sheasta, agus oibríonn 95% dár bhfostaithe ar chonradh buan. Is féidir leis an mbearna a bheith difriúil nuair a bhreathnaítear uirthi trí Stádas Fostaíochta na foirne.

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	5	35.71%	52.88	43.28
Fear	9	64.29%	66.50	43.31

An Bhearna Phá Mheánach: 20.47%

An Bhearna Phá Airmheánach: 0.07%




Fíor 9. Miondealú Inscne don Fhoireann Shealadach

An Fhoireann Bhuan

Inscne	Líon	Céatadán	Pá Meánach in aghaidh na hUaire €	Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire €
Bean	181	67.79%	36.20	32.41
Fear	86	32.21%	37.24	33.82

An Bhearna Phá Mheánach: 2.81%

An Bhearna Phá Airmheánach: 4.17%



Fíor 10. Miondealú Inscne don Fhoireann Bhuan

Luach Saothair Bónais agus Sochair Chomhchineáil

Mar eagraíocht de chuid na hearnála poiblí, ní sholáthraíonn an Coimisiún bónais ná sochair chomhchineáil agus ní thuairiscítear aon sonraí faoi na critéir sin.

Na Tionchair ar ár mBearna Phá idir na hInscní a Thuiscint

Is ionann mná agus 66.19% dár lucht saothair agus tá líon na mban níos mó ná líon na bhfear ag an gcuid is mó de na gráid, lena n-áirítear ar fud róil bhainistíochta agus stiúrthóra.

Is é an phríomhthoisc a imríonn tionchar ar ár mbearna phá idir na hinscní dáileadh na mban agus na bhfear ar fud an raoin pá. Cé go ndéantar ionadaíocht mhaith do na mná i bpoist shinsearacha, is ionann iad agus sciar comhréireach níos mó d'fhostaithe ag na gráid níos ísle. Is ionann mná agus 74.29% d'fhostaithe sa cheathairíl pá is ísle, i gcomparáid le 66.19% den lucht saothair ar an iomlán. Déantar ionadaíocht níos mó go comhréireach do na fir sa cheathairíl pá mheánach uachtarach, agus is ionann iad agus 40% d'fhostaithe sa ghrúpa sin.

Cuireann comhdhéanamh ár gcohórt ceannaireachta sinsearaí réasúnta beag leis an mbearna freisin. Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fhág Coimisinéir baineann an eagraíocht agus d'fhan an post folamh ar an dáta samplach. Cathaoirleach fireann, beirt Choimisinéirí fireanna agus Coimisinéir baineann amháin a bhí sa chuid eile de chomhaltas an Choimisiúin. Ina theannta sin, bhí beirt fhear agus bean amháin sa chohórt Stiúrthóra Shinsearaigh nuabhunaithe. Bíonn tionchar ag ionadaíocht fhireann níos mó sna róil níos airde seo ar mheántuilleamh in aghaidh na huaire. De bhrí go mbíonn líon sách beag post ag na leibhéil sin, is féidir le ceapacháin aonair agus folúntais tionchar suntasach a imirt ar na figiúirí tuairiscithe.

Mhéadaigh an bhearna phá mheánach idir na hinscní ó 5.5% go 7.84%, agus mhéadaigh an bhearna phá airmheánach ó 8.4% go 9.18%. Cuireann dáileadh na bhfostaithe ar fud an raon pá leis an dá thomhas sin, agus tá an meántomhas íogair do thuilleamh ag na leibhéil pá is airde. Tá tuilleamh meánach na bhfear in aghaidh uair an chloig níos airde ná tuilleamh na mban laistigh den cheathairíl phá is airde, cé go bhfuil tuilleamh airmheánach in aghaidh na huaire na mban níos airde ná tuilleamh na bhfear. Léiríonn sé seo go bhfuil tuilleamh níos airde i dtreo bharr na ceathairíle sin ag dul i bhfeidhm ar mheán na bhfear.

Tugtar luach saothair d'fhostaithe trí scálaí pá seanbhunaithe san earnáil phoiblí. Leis na figiúirí, déantar comparáid idir tuilleamh in aghaidh na huaire ar fud an luchta saothair ina iomláine, seachas comparáid a dhéanamh idir mná agus fir atá ag tabhairt faoi róil choibhéiseacha. Cuidíonn siad linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag próifíl inscne ár bhfórsa saothair, lena n-áirítear ionadaíocht ar leibhéil éagsúla pá, ar an mbearna fhoriomlán.

Leanaimid de bheith tiomanta do thacú le hionadaíocht chothrom ar gach leibhéal. Trí *Athrú*, ár Straitéis i leith Daoine, leanaimid de chonairí forbartha gairme a neartú, rochtain chomhionann ar dheiseanna dul chun cinn a thacú agus cultúr ionchuimsitheach a leabú.

Ár nDul Chun Cinn agus ár nGealltanais Leanúnacha in 2026

Cleachtais Earcaíochta

- Earcaíocht Chothrom agus Ionchuimsitheach: Leanamar orainn ag coinneáil cleachtais earcaíochta chothroma chomhsheasmhacha trí agallaimh struchtúrtha atá bunaithe ar inniúlachtaí, painéil agallóireachta atá cothrom ó thaobh inscne de agus próisis mheasúnaithe chaighdeánaithe. Táimid ag athbhreithniú freisin ar an gcaoi ar féidir earcaíocht anaithnidithe a ionchorprú go héifeachtach inár bpróisis earcaíochta sa todhchaí, tar éis tionscadal píolótach a bhain úsáid as cur chuige earcaíochta “caoch" i líon beag comórtais anuraidh.
- Feasacht Claontuairime Neamh-chomhfhiosaí: Táimid tar éis ár gcur chuige a neartú maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach a mhaolú in earcaíocht trí cheanglas a thabhairt isteach go gcríochnódh gach ball de phainéal agallaimh modúl oiliúna atá tiomanta do chlaontacht neamh-chomhfhiosach. Díríonn an modúl foghlama 15 nóiméad, a sheachadtar trínár n-ardán foghlama Cornerstone, go sonrach ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach maidir le hearcaíocht agus roghnú. Tá an ceanglas seo á chur i bhfeidhm faoi láthair agus cabhrófar leis a chinntiú go mbeidh baill an phainéil ullmhaithe go cuí chun páirt a ghlacadh i bpróisis earcaíochta amach anseo.

- Cóiríocht Réasúnta: Táimid tiomanta a áirithiú go bhfuil ár bpróisis earcaíochta inrochtana agus cuimsitheach. Iarrtar ar iarrthóirí socruithe réasúnta a iarraidh ag an agallamh nuair is gá. Cuirtear teagmhálaí tiomnaithe um Earcú Tallainne ar fáil i ngach Pacáiste Eolais d'Iarrthóirí chun aon tacaíochtaí a theastaíonn chun cur ar chumas iarrthóirí páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas roghnúcháin a phlé agus a shocrú.
- Fógraí Poist Ionchuimsitheacha: Leanaimid d'úsáid a bhaint as teanga atá neodrach ó thaobh inscne de, critéir a athbhreithniú lena áirithiú go bhfuil siad ábhartha agus riachtanach, agus áirímid ráiteas CÉI inár bhfógraí poist, rud a thacaíonn lenár dtiomantas do chleachtais earcaíochta cothroma agus chuimsitheacha.
- Comhpháirtíocht le The Open Doors Initiative: Leanaimid den chomhar le The Open Doors Initiative chun ár aimsiú luchta féachana a leathnú chuig iarrthóirí ó phobail atá faoi ghannionadaíocht agus ó phobail imeallaithe.
- Sonraí Éagsúlachta Earcaíochta: Táimid i mbun deiseanna a iniúchadh chun bailiú agus anailís sonraí déimeagrafacha le linn an phróisis earcaíochta a neartú. Cuideoidh sé sin linn tuiscint níos fearr a fháil ar ionadaíocht ag céimeanna éagsúla earcaíochta agus bacainní féideartha ar rannpháirtíocht nó ar dhul chun cinn a aithint.

Clár CÉI agus Rannpháirteachas

- Creidiúnú Airgid de chuid Investors in Diversity agus Plean Gníomhaíochta CÉI: In 2026, bhaineamar creidiúnú Airgid de chuid Investors in Diversity amach, ag cur leis an gcreidiúnú Cré-umha a bhaineamar amach roimhe seo. Bhaineamar úsáid as torthaí agus moltaí an mheasúnaithe chun Plean Gníomhaíochta struchtúrtha CÉI do 2026–27 a fhorbairt, ar phlean é ina leagtar amach tosaíochtaí, gníomhaíochtaí, úinéireacht, amlínte agus tomhais ar dhul chun cinn soiléire. Nascann an plean ár ngníomhaíocht CÉI leis an Straitéis i leith Daoine *Athrú* agus le torthaí straitéiseacha níos leithne Choimisiún na Meán, rud a chuidíonn lena áirithiú go bhfuil CÉI leabaithe níos mó ná riamh inár dtosaíochtaí eagraíochtúla níos leithne agus gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le himeacht ama. Aimsítear sa phlean freisin bearta chun CÉI a leabú tuilleadh ar fud eispéireas an fhostaí.
- Coiste CÉI agus Tacadóirí CÉI: Lean ár gCoiste CÉI de bheith ag forbairt a chlár oibre, le fócas ar ár ngealltanais CÉI a aistriú ina dtionscnaimh phraiticiúla ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, tá deiseanna rannpháirtíochta foirne leathnaithe againn trínár líonra Tacadóirí CÉI, rud a chuireann ar chumas comhghleacaithe smaointe a chur ar fáil, tacú le tionscnaimh agus rannpháirtíocht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.
- Rannpháirtíocht na Ceannaireachta Sinsearaí: Lean rannpháirtíocht na ceannaireachta sinsearaí le CÉI de bheith ag neartú, le tacaíocht ónár gCuradh Sinsearach CÉI a sholáthraíonn urraíocht infheicthe don chlár CÉI. Áiríodh leis seo labhairt ag imeachtaí CÉI, páirt a ghlacadh i gcruinnithe Choiste CÉI agus CÉI a ardú ag imeachtaí ar fud na heagraíochta, rud a chuidigh le CÉI a threisiú mar thosaíocht eagraíochtúil chomhroinnte.
- Feasacht CÉI agus Rannpháirteachas: Le linn 2026, rinneamar raon dátaí suntasacha CÉI a mharcáil trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe foghlama, feasachta agus rannpháirtíochta. Ina measc sin bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Idirnáisiúnta Feasachta um Néara-éagsúlacht agus Bród, le hoiliúint, imeachtaí agus cumarsáid ghaolmhara a sholáthair deiseanna do chomhghleacaithe foghlaim, dul i mbun agus páirt a ghlacadh i gcomhráite maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

Cultúr, Comhtháthú agus Forbairt

- Luachanna Eagraíochtúla: Trínár dTuras Luachanna ilbhliantúil, chomhchruthaíomar sé cinn de bhunluachanna leis an bhfoireann agus le ceannairí, agus leabaíomar i gcleachtais earcaíochta, ionduchtaithe, bainistíochta feidhmíochta agus aitheantais iad. Leanann na luachanna seo de bheith ag tacú le cultúr comhsheasmhach agus uilechuimsitheach de réir mar a fhásann agus a aibíonn an eagraíocht, agus béim á leagan ar leabú na luachanna sin i gcleachtais oibre laethúla.
- Straitéis i leith Daoine: Leanamar orainn ag cur *Athrú*, Straitéis trí bliana i leith Daoine dár gcuid chun feidhme, agus CÉI mar chroí-cholún ann. Leis an Straitéis, cuirtear chun cinn earcaíocht chothrom, dul chun cinn gairme agus obair sholúbtha, rud a chuidíonn leis an comhionannas agus an ionchuimsitheacht á leabú sa chaoi a n-oibrímid agus a bhforbraímid mar eagraíocht.
- Ionduchtú agus Comhtháthú: Lenár gclár ionduchtúcháin athnuaite, ‘Laethanta Comhtháthaithe’, tacaítear le comhghleacaithe nua de réir mar a shocraíonn siad isteach san eagraíocht. Is cuid lárnach den chlár iad prionsabail CÉI, a chuidíonn le comhghleacaithe tuiscint a fháil ar ár dtiomantas don ionchuimsitheacht ón tús.
- Ceannaireacht agus Forbairt Ghairmiúil: Leanaimid orainn de bheith ag tacú le rochtain chothrom ar dheiseanna foghlama agus forbartha ar fud na heagraíochta. Ar na tionscnaimh áiríodh clár cóitseála saincheaptha do cheannairí sinsearacha agus deiseanna foghlama a chuidíonn le ceannaireacht ionchuimsitheach, forbairt scileanna agus dul chun cinn gairme.

Beartais Ionchuimsitheacha

Lenár gcuid beartas cuirtear cothroime agus solúbthacht chun cinn, agus tacaíocht á tabhairt d’fhostaithe le cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach agus rochtain chomhionann á cinntiú ar dheiseanna forbartha agus gairme. Táimid tiomanta freisin do CÉI a chur chun cinn ar fud earnáil na meán, rud a léiríonn ár luachanna eagraíochtúla agus ár gcuspóir straitéiseach chun tírdhreach meán a chothú lena gcuirtear chun cinn luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta.

- **Ag Tacú leis an tSláinte, leis an bhFolláine agus leis an gCothromaíocht Oibre is Saoil:** Leanaimid ar aghaidh de bheith ag tacú le fostaithe trínár Saoire maidir le Foréigean Teaghlaigh, beartais maidir le Sláinte Atáirgthe na mBan agus Cothromaíocht Oibre is Saoil. Tá siad seo i dteannta lenár sochair bhunaithe, lena n-áirítear saoire mháithreachais láníoctha 26 seachtaine, naoi seachtain de shaoire do thuismitheoirí láníoctha, dhá sheachtain de shaoire atharthachta láníoctha agus saoire do thuismitheoirí solúbtha suas go dtí 16 bliana d'aois. Le hamanna tosaigh agus deiridh solúbtha, socruithe oibre hibrideacha agus saoire bhreoiteachta lánphá, cuidítear freisin leis na fostaithe a gcuid gealltanas pearsanta agus gairmiúil a chothromú agus tacú lena bhfolláine ag céimeanna éagsúla den saol.
- **Meas, Ionchuimsitheacht agus Forbairt a Chur Chun Cinn:** Tá ár mBeartas maidir le Dínit san Ionad Oibre fós lárnach dár dtiomantas d’ionad oibre measúil ionchuimsitheach a neartú, dá dtugtar tacaíocht le hoiliúint éigeantach agus daoine teagmhála tiomnaithe a thugann treoir rúnda. Leanaimid orainn freisin de bheith ag tacú le rochtain chothrom ar dheiseanna foghlama agus forbartha, rud a chuidíonn le fostaithe a gcuid scileanna a fhorbairt agus a ngairmeacha beatha a fhorbairt laistigh de thimpeallacht oibre dhearfach agus chuimsitheach.

- **Ag Troid ar son na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta in Earnáil na Meán:** I gcomhréir lenár Ráiteas Straitéise, cuirimid chun cinn tírdhreach meán lena gcloítear le luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta inarb amhlaidh:
    - A chumasaítear do dhaoine, ina n-éagsúlacht ar fad, a gcuid tuairimí dleathacha a chur in iúl agus a bheith ina ndaoine ar leith agus barántúla i ngach cineál meán.
    - Nach bhfuil inneachar lena ngríosaítear fuath nó foréigean bunaithe ar shaintréithe cosanta, nó lena n-úsáidtear teanga atá thar a bheith colúil chun imní a chur ar daoine, chomh forleathan sin.
    - Is féidir le daoine rochtain a fháil ar inneachar meán, agus taitneamh a bhaint as, ar inneachar é lena bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas agus ábhar spéise éagsúil.
    - Go bhfuil an pobal feasach, mar chruthaitheoirí agus tomhaltóirí inneachair araon, ar an tionchar atá ag fuath, iompar bagrach, eisiamh nó eilearánú ar dhaoine eile, agus ar thábhacht na cúirtéise digití.

Conclúid

Ag Coimisiún na Meán, táimid tiomanta i gcónaí a áirithiú go léirítear cothrom, ionchuimsitheacht agus comhdheiseanna inár gcleachtais laethúla. Cuirimid béim ar na prionsabail sin a leabú ar fud feidhmeanna earcaíochta, forbartha gairme agus tacaíochta fostaithe, agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige de réir mar a fhorbraíonn ár n-eagraíocht. Tacaíonn tuairisciú ar bhearna phá idir na hinscní leis an obair seo trí chuidiú linn ár bpróifíl luchta saothair a thuiscint agus réimsí a bhfuil aird bhreise ag teastáil uathu a aithint. Leanfaimid orainn de bheith ag forbairt ionad oibre ina mbeidh deis ag gach fostaí forbairt, dul chun cinn a dhéanamh agus cur go hiomlán lenár misean.